

Leibhéal B2**Topaic 8: Ag freastal ar chúrsa Gaeltachta saGhaeltacht****Bileog 8.1a agus Bileog 8.1b**

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 8.1a** ar gach duine sa rang.
- *An Ghaeltacht – Plé:* Iarr ar gach beirt staidéar a dhéanamh ar an phictiúr agus na ceisteanna ar dheis a phlé le chéile.

Freagraí:

1. Freagraí bunaithe ar thaithí phearsanta na bhfoghlaimeoirí atá i gceist leis an cheist seo.
 2. An Daingean – *The Fort*, Ceann Trá – *Head of the beach*, Dún Chaoin – *Caon's Fort*, Ceann Sléibhe – *Mountain promontory or head*.
 3. I Márta 2005 chuir an tAire Éamonn Ó Cuív Acht na Logainmneacha i bhfeidhm a chiallaigh nach raibh cead a thuilleadh logainmneacha Béarla a bheith ar chomharthaí bóthair sa Ghaeltacht. Chuir sé seo fearg ar ghrúpaí áirithe, go háirithe sa Daingean. Níor tugadh seans do mhuintir an Daingin vóta a chaitheamh ar athrú an ainm, agus cheap a lán daoine ansin go ndéanfadh an t-athrú seo damáiste do thurasóireacht an cheantair. Tá tuilleadh eolais le fáil ar an agóid ag <http://www.dinglename.com/dingle.htm>.
- Tabhair tamall ansin do gach beirt a machnamh a dhéanamh ar conas mar atá an Ghaeltacht inniu. Abair leo na nithe seo a leanas a chur san áireamh agus iad ag caint: **na daoine / an timpeallacht / an Ghaeilge / cúrsaí eacnamaíochta / cúrsaí fostaíochta.**
 - *Códmhalartú – Plé:* Cuir triúr nó ceathrar ina suí le chéile agus iarr orthu na ceisteanna 1-4 a phlé le chéile. Tuairimíocht atá i gceist anseo ach is féidir pointí gramadaí a phlé leis na samplaí cainte, mar shampla:

‘Is breá liom a bheith ag éisteacht leis an raidió *now and again*’ (úsáidtear dobhriathra Béarla go minic sa chaint sa Ghaeilge).

‘Tá mé ag dul amach anocht sa *town*’ (is minic ainmfhocail Bhéarla sa chaint).

‘*Actually*, caithfidh mé a rá go bhfuil sé *really* iontach maith’ (úsáidtear dobhriathra go minic).

‘Tá Síle ag obair le fear *Chilean* agus tá sé an-chliste’ (úsáidtear aidiachtaí Béarla sa chaint sa Ghaeilge).

‘Bhí mé ag na *matchanna* ar fad i mbliana.’ (is minic a chuirtear iolra Gaeilge ar fhocal Béarla).

‘Tá Máire ag *babysittáil*’ / ‘Chlearáil sé na ballaí’ (Cuirtear rialacha a bhaineann le briathra sa Ghaeilge i bhfeidhm ar bhriathra Béarla).

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna arís agus scaip **Bileog 8.1b** ar gach duine sa rang.
- *An Ghaeltacht agus tithíocht – Léamh:* Téigh siar ar na briathra san aimsir fháistineach sa sliocht leo agus pléigh na rialacha a bhaineann leis an aimsir chéanna leo.

Freagraí:

Tá beart cróga déanta ag an Bhord Pleanála leis na cinní a ghlac siad le déanaí maidir le trí fhorbairt chonspóideacha a bhí beartaithe i gConamara agus i gCorca Dhuibhne. Tríd is tríd, **caithfear** fáilte a chur roimh na cinní seo mar go gcuireann siad bonn seasmhach faoi thábhacht na Gaeltachta mar cheantar luachmhar oidhreachta. Cinní iad a **thabharfaidh** ardú croí d'éinne gur cás leis todhchaí na Gaeilge mar theanga labhartha laethúil.

Rialaigh an Bord Pleanála ar an 22 Aibreán gur cheart go mbeadh coinníollacha teanga ceangailte le forbairtí a bhí beartaithe sna Forbacha agus i mBaile an Fheirtéaraigh. Coinníollacha thar a bheith docht iad seo. **Caithfear** 75% de na tithe i mBaile an Fheirtéaraigh agus 60% de na tithe sna Forbacha a chur ar leataobh do chainteoirí Gaeilge. Critéir teanga Scéim Thithíochta Roinn na Gaeltachta a **bheas** mar shlat tomhais agus ní **bheifear** ábalta na tithe a dhíol nó a ligean amach ar cíós le daoine nach bhfuil an Ghaeilge acu. **Mairfidh** na coinníollacha seo go dtí an 22 Aibreán 2020.

- *An tIarthar agus tithíocht – Fíricí:* Tabhair tamall do gach beirt na bearnaí a líonadh. Pléigh na freagraí leis na foghlaimeoirí nuair atá siad críochnaithe:

Freagraí:

Tógadh **1/3** de na tithe ar fad atá in Éirinn faoi láthair ón bhliain 1995 ar aghaidh, an chuid is mó díobh seo taobh amuigh de na lárionaid uirbeacha.

Is teach saoire é teach as gach **8** dteach de na tithe a tógadh ó 1995.

Tá teach saoire ann do dhuine amháin as gach **20**.

Má tá an cósta le roinnt idir muintir na hÉireann, tá **0.61m** den chósta ag gach duine sa tír faoi láthair.

Ní bhaintear úsáid as tithe saoire na tíre seo ach ar feadh **10-20%** den bhliain.

- *An Ghaeltacht agus tithíocht – Plé:* Abair le gach beirt na buntáistí agus míbhuntáistí a bhreacadh síos le chéile. Pléigh na pointí leis an rang iomlán nuair atá siad críochnaithe.

Bileog 8.2a agus Bileog 8.2b

- *An Ghaeilge – Léamh:* Roinn an rang i ngrúpaí de bheirt agus scaip **Bileog 8.2a** ar an rang (3 bhileog ar fad). Iarr ar gach beirt an t-alt a léamh le chéile amach os ard. Abair leo go bhfuil an ghluais ann le cuidiú leo.
- Pléigh an t-alt leis an rang ar fad agus téigh siar ar na focail is deacra.
- *An Ghaeilge – Plé:* Iarr ar na foghlaimeoirí na ceisteanna 1-4 a dhéanamh ina mbeirteanna. Is é atá i gceist le ceist 4 ná deis a thabhairt do gach foghlaimeoir pearsanú a dhéanamh ar an alt. Caithfidh siad an líne nó frása is mó a chuaigh i bhfeidhm orthu féin go pearsanta a roghnú ón alt agus a rá leis an duine in aice leo cén fáth a ndeachaigh sé i bhfeidhm orthu. Caithfidh siad leathanach amháin a scríobh ar an ábhar céanna mar obair bhaile.
- *An Ghaeilge – An teanga:* Abair le gach beirt na samplaí den bhriathar ‘bí’ a aimsiú in alt 4 den sliocht. Ansin pléigh an briathar saor den bhriathar sin sna haimsirí is coitianta.

Freagraí:

‘Anois, is féidir le Des an t-éacht atá déanta aige ó thaobh an Ghaeilge a fhoghlaim taobh istigh de thréimhse ghearr a chur leis an liosta rudaí atá bainte amach aige ina shaol. Léiriú é an dul chun cinn atá déanta aige ar an méid is féidir le duine a bhaint amach má dhíríonn sé a aird i gceart ar thasc. Tá stór focal thar a bheith leathan ag Des cheana féin agus tuiscint an-mhaith ar an tuiseal ginideach agus ar ghnéithe casta eile de chuid ghramadach na teanga. Éacht nach beag é sin i dtír ina mbíonn daoine ag maíomh go bhfuil gramadach na Gaeilge tar éis damáiste síceolaíoch a dhéanamh dóibh!’

táthar, bítear, bhíothas, bhítí, beifear, bheifí.

Táim = aimsir láithreach

Bím = aimsir ghnáthláithreach

Is é an briathar ‘bí’ an t-aon bhriathar sa Ghaeilge anois a bhfuil foirmeacha éagsúla aige den aimsir láithreach agus den aimsir ghnáthláithreach. Is ionann an dá fhoirm leis na briathra eile.

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 8.2b** ar an rang.
- *An modh coinníollach – Féachaint:* Cuir an sliocht **Des Bishop – An Modh Coinníollach** ar siúl don rang. Tar éis na míre iarr ar gach beirt na ceisteanna 1-2 a dhéanamh le chéile.

Freagraí:

Mol	Cuir	Léigh
mholfainn	chuirfinn	léifinn
mholfá	chuirfeá	léifeá
mholfadh sé/sí	chuirfeadh sé/sí	léifeadh sé/sí
mholfaimis	chuirfimis	léifimis
mholfadh sibh	chuirfeadh sibh	léifidh sibh
mholfaidís	chuirfidís	léifidís
mholfaí	chuirfí	léifí
Sábháil	Ceannaigh	Imir
shábhálfainn	cheannóinn	d'imreoinn
shábhálfá	cheannófá	d'imreofá
shábhálfadh sé/sí	cheannódh sé/sí	d'imreodh sé/sí
shábhálfaimis	cheannóimis	d'imreois
shábhálfadh sibh	cheannódh sibh	d'imreodh sibh
shábhálfaidís	cheannóidís	d'imreoidís
shábhálfá	cheannófá	d'imreofá
Ceangail	Foghlaim	
cheanglóinn	d'fhoghlaiméoinn	
cheanglófá	d'fhoghlaiméofá	
cheanglódh sé/sí	d'fhoghlaiméodh sé/sí	
cheanglóimis	d'fhoghlaiméois	
cheanglódh sibh	d'fhoghlaiméodh sibh	
cheanglóidís	d'fhoghlaiméoidís	
cheanglófaí	d'fhoghlaiméofaí	

- *An modh coinníollach – Cluiche:* Tabhair tamall do gach duine sa rang staidéar a dhéanamh ar na briathra sna boscaí. Caithfidh siad a bheith in ann ceisteanna agus freagraí de na briathra a chumadh sa mhodh coinníollach.
- Cuir gach beirt le chéile ansin agus cuirfidh duine amháin den bheirt 25 ceist sa mhodh coinníollach ag úsáid na mbriathra sa bhosca ar an duine eile. Caithfidh an duine eile na freagraí cearta a thabhairt go cruinn ó thaobh na gramadaí de. Mar shampla:

An rachfá amach go dtí bialann anocht?
Rachainn cinnte, is breá liom dul amach san oíche
nó
Ní rachainn, ní maith liom ithe i mbialanna.

- Gheobhaidh an duine atá ag freagairt na gceisteanna pointe amháin le haghaidh gach freagra ceart a sholáthraíonn sé.

- Nuair atá na ceisteanna ar fad curtha iarr ar gach beirt, rólanna a mhalartú agus an rud céanna a dhéanamh.

Freagraí:***Téigh**

rachainn
rachfá
rachadh sé/sí
rachaimis
rachadh sibh
rachaidís

rachfaí
ní rachainn

***Faigh**

gheobhainn
gheofá
gheobhadh sé/sí
gheobhaimis
gheobhadh sibh
gheobhaidís

gheofaí
ní bhfaighinn

***Tabhair**

thabharfainn
thabharfá
thabharfadh sé/sí
thabharfaimis
thabharfadh sibh
thabharfaidís

thabharfaí
ní thabharfainn

Ól

d'ólfainn
d'ólfá
d'ólfadh sé/sí
d'ólfaimis
d'ólfadh sibh
d'ólfaidís

d'ólfai
ní ólfainn

***Ith**

d'íosfainn
d'íosfá
d'íosfadh sé/sí
d'íosfaimis
d'íosfadh sibh
d'íosfaidís

d'íosfaí
ní íosfainn

Taispeáin

thaispeánfainn
thaispeánfá
thaispeánfadh sé/sí
thaispeánfaimis
thaispeánfadh sibh
thaispeánfaidís

thaispeánfaí
ní thaispeánfainn

***Tar**

thiocfainn
thiocfá
thiocfadh sé/sí
thiocfaimis
thiocfadh sibh
thiocfaidís

thiocfaí
ní thiocfainn

Imigh

d'imeoinn
d'imeofá
d'imeodh sé/sí
d'imeoimis
d'imeodh sibh
d'imeoidís

d'imeofaí
ní imeoinn

Dún

dhúnfainn
dhúnfá
dhúnfadh sé/sí
dhúnfaimis
dhúnfadh sibh
dhúnfaidís

dhúnfaí
ní dhúnfainn

Ullmhaigh

d'ullmhóinn
d'ullmhófá
d'ullmhódh sé/sí
d'ullmhóimis
d'ullmhódh sibh
d'ullmhóidís

d'ullmhófaí
ní ullmhóinn

Sábháil

shábhálfainn
shábhálfá
shábhálfadh sé/sí
shábhálfaimis
shábhálfadh sibh
shábhálfaidís

shábhálfaí
ní shábhálfainn

Glan

ghlanfainn
ghlanfá
ghlanfadh sé/sí
ghlanfaimis
ghlanfadh sibh
ghlanfaidís

ghlanfaí
ní ghlánfainn

***Abair**

déarfainn
déarfá
déarfadh sé/sí
déarfaimis
déarfadh sibh
déarfaidís

déarfaí
ní déarfainn

Cosain

chosnóinn
chosnófá
chosnódh sé/sí
chosnóimis
chosnódh sibh
chosnóidís

chosnófaí
ní chosnóinn

Buail

bhuailfinn
bhuailfeá
bhuailfeadh sé/sí
bhuailfimis
bhuailfeadh sibh
bhuailfidís

bhuailfí
ní bhuailfinn

***Déan**

dhéanfainn
dhéanfá
dhéanfadh sé/sí
dhéanfaimis
dhéanfadh sibh
dhéanfaidís

dhéanfaí
ní dhéanfainn

Bailigh

bhaileoinn
bhaileofá
bhaileodh sé/sí
bhaileoimis
bhaileodh sibh
bhaileoidís

bhaileofaí
ní bhaileoinn

***Feic**

d'fheicfinn
d'fheicfeá
d'fheicfeadh sé/sí
d'fheicfimis
d'fheicfeadh sibh
d'fheicfidís

d'fheicfí
ní fheicfinn

Tóg

thógfainn
thógfá
thógfadh sé/sí
thógfaimis
thógfadh sibh
thógfaidís

thógfáí
ní thógfainn

Nigh

nífinn
nífeá
nífeadh sí/sí
nífimis
nífeadh sibh
nífidís

nífí
ní nífinn

***Clois**

chloisfinn
chloisfeá
chloisfeadh sé/sí
chloisfimis
chloisfeadh sibh
chloífidís

chloisfí
ní chloisfinn

Freastail

d'fhreastalóinn
d'fhreastalófá
d'fhreastalódh sé/sí
d'fhreastalóimis
d'fhreastalódh sibh
d'fhreastalóidís

d'fhreastalófaí
ní fhreastalóinn

***Bí**

bheinn
bheifeá
bheadh sé/sí
bheimis
bheadh sibh
bheidís

bheifí
ní bheinn

Dóigh

dhófainn
dhófá
dhófadh sé/sí
dhófaimis
dhófadh sibh
dhófaidís

dhófaí
ní dhófainn

Roghnaigh

roghnóinn
roghnófá
roghnódh sé/sí
roghnóimis
roghnódh sibh
roghnóidís

roghnófaí
ní roghnóinn

* *Briathra neamhrialta*

Dá rachainn
Dá n-íosfainn
Dá ndúnfainn
Dá bhfaighinn
Dá dtaispeánfainn
Dá n-ullmhóinn
Dá dtabharfainn
Dá dtiocfainn
Dá sábhálfainn
Dá n-ólfainn
Dá n-imeoinn
Dá nglanfainn
Dá ndéarfainn
Dá mbaileoinn
Dá gcloisfinn
Dá gcosnóinn
Dá bhfeicfinn
Dá bhfreastalóinn
Dá mbuailfinn
Dá dtógfainn
Dá mbeinn
Dá ndéanfainn
Dá nífinn
Dá ndófainn
Dá roghnóinn

Rólimirt

- Míneigh don rang go mbeidh ar gach beirt anois bileog eolais ghramadaí a chruthú le chéile. Míneigh dóibh gurb é aidhm na gníomhaíochta seo ná gné amháin de ghramadach na Gaeilge a mhúineadh do bheirt eile.
- Scríobh liosta den ghramadach a clúdaíodh go dtí seo ar an chúrsa ar an chlár dubh, mar shampla:

an aimsir láithreach, an aidiacht shealbhach, inscne an fhocail srl

- Caithfidh gach beirt gné amháin a roghnú ón liosta agus bileog a chruthú a chuideodh leo an ghné sin a mhúineadh do bheirt eile ar ball. Bí thusa thart le cuidiú leo le haon deacracht a bheadh acu.
- Nuair atá an bhileog eolais cruthaithe ag gach beirt cuir grúpaí de bheirt le chéile nach bhfuil an ghné ghramadaí chéanna acu. Ba cheart go mbeidh ceathrar i ngach grúpa anois mar sin – beirt ag múineadh gné amháin don bheirt eile agus ansin an bheirt eile ag múineadh gné amháin dóibh. Mar shampla:

Grúpa A: Chruthaigh siad bileog eolais faoi inscne an fhocail le rialacha agus cleachtaí uirthi. Rachaidh siad tríd na rialacha le grúpa B agus iarrfaidh siad ar ghrúpa B tabhairt faoi na cleachtaí a chruthaigh siad. Is rólghníomhaíocht é seo agus mar sin is múinteoirí iad an bheirt i ngrúpa A agus is foghlaimeoirí iad an bheirt i ngrúpa B.

- Nuair a bheas siad críochnaithe abair leo róil a mhalartú. Ba cheart go mbeadh teanga an ranga in úsáid acu le linn na gníomhaíochta, mar shampla:

*Déanaigí an chéad ghníomhaíocht ar an bhileog seo, le bhur dtoil.
Bain féin agus an duine in aice leat triail as an rólímirt seo.
Beidh sos againn anois ar feadh deich nóiméad.*

Bileog 8.3

- Scaip **Bileog 8.3** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- *Ag foghlaim na Gaeilge – Plé:* Tabhair tamall dóibh na gnéithe gramadaí a chur in ord deacrachta agus a dtuairimí a phlé le chéile. Pléigh thusa na tuairimí a bhí ag gach duine sa rang le chéile.
- Iarr orthu na ceisteanna sa bhosca a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.
- *Ag foghlaim na Gaeilge – Comhairle:* Gach beirt ag obair le chéile anseo arís. Caithfidh siad ransú intinne a dhéanamh ar an chomhairle a thabharfaidís do dhuine atá ag tosú amach ag foghlaim na Gaeilge. Abair leo gan dearmad a dhéanamh an modh coinníollach a úsáid. Iarr orthu chomh maith ransú intinne a dhéanamh ar na háiseanna atá ar fáil, agus na boscaí a líonadh. Pléigh an chomhairle a bhí acu agus na háiseanna ar smaoinigh siad orthu leis an rang ar fad. Bíodh na háiseanna thíos ina measc.

Ríomhairí:
An Foclóir Beag
Wingléacht
Gaelspell
www.ranganna.com
www.focal.ie
vicipéid
Ceart

Eagraíochtaí:
Foras na Gaeilge
Conradh na Gaeilge
Gaelchultúr
Comhdháil Náisiúnta na
Gaeilge
Gael Linn
Club Sult

Áiseanna eile:
Foclóir Uí Dhónaill
TG4
Raidió na Gaeltachta
Foclóir de Bhaldraithe
Leabhair ghramadaí
Leabhair Ghaeilge

- *Ag foghlaim na Gaeilge – An rang foirfe:* Iarr ar gach beirt tréithe a bheadh sa rang foirfe Gaeilge a bhreacadh síos. Pléigh na pointí leis na rang ar fad, nuair atá an ghníomhaíocht críochnaithe acu.

An Ghaeltacht

- Bhí ar ghrúpaí éagsúla eolas a bhailiú faoin trí scoil sa Ghaeltacht – **Oideas Gael, Áras Mháirtín Uí Chadhain** agus **Oidhreacht Chorca Dhuibhne**. Dúradh leo sa rang deireanach go mbeadh orthu cur i láthar a dhéanamh ag deireadh an ranga seo.
- Iarr ar an chéad ghrúpa (**Oideas Gael**) an cur i láthair a dhéanamh. Abair le gach duine eile a bheith ag éisteacht go cruinn leo. Nuair atá an cur i láthair críochnaithe tabhair seans do gach duine eile ceisteanna a chur faoin scoil áirithe sin.
- Déanfaidh an dá ghrúpa eile (**Áras Mháirtín Uí Chadhain** agus **Oidhreacht Chorca Dhuibhne**) an rud céanna.
- Bíodh plé ginearálta ann ag deireadh ar fad faoi na scoileanna.